6 Aibreán 2018

Eisíodh cinneadh don iarratas d'Fhorbairt Straitéiseach Tithíochta le haghaidh cóiríochta cónaithe ag Cnoc Chill agus Cúirt an Iarla, An Chill, Co. Chill Dara.

Tagairt Cáis: 300558-18

Dhiúltaigh An Bord Pleanála cead don fhorbairt bheartaithe de 130 dteach cónaithe, mar a chuireadh isteach ag McCourt Investments Limited ag Cnoc Chill agus Cúirt an Iarla, An Chill, Co. Chill Dara.

Cuireadh an t-iarratas chuig An Bord Pleanála ar an 22 Nollaig 2017 agus rinneadh cinneadh air ar an 27 Márta 2018. Bhí sé seo roimh an spriocdháta, an 23 Aibreán.

Bhí tréimhse comhairliúcháin phoiblí san áireamh sa phróiseas iarratais agus lean sé críochnú comhairliúcháin réamhiarratas leis an mBord Pleanála agus an údarás áitiúil oiriúnach.
Tá na príomhcháipéisí maidir le cinneadh an Bhoird ar fáil mar seo a leanas:

- Ordú Boird
- Treoir an Bhoird
- Tuairisc an Chigire

Is féidir eolas mionsonraithe d'iarratasóirí, d'údaráis áitiúla agus don phobal i gcoitinne ar Fhorbairt Straitéiseach Tithíochta a fháil ag http://www.pleanala.ie/index_ga/htm. Le tuilleadh eolais a fháil, déan teagmháil le bord@pleanala.ie le do thoil.